Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

9944/26
COR 1

LIMITE

GLOBAL GATEWAY 37
COASI 95
COEST 416
COAFR 166
MED 28
MAMA 136
COLAC 79
COWEB 77
COMPET 655
ECOFIN 712
FIN 777
CCG 21
TRANS 378
ENER 303
ENV 597
DEVGEN 93
DIGIT 154

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Global Gateway |

In 9944/2026 INIT, leathanach 3, ba cheart fonóta a chur isteach i mír 4 mar a leanas:

'4. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an straitéis Global Gateway bunaithe ar luachanna daonlathacha agus ar ardchaighdeáin, lena n-áirítear dea-rialachas agus trédhearcacht, urraim don smacht reachta, cearta an duine agus comhionannas inscne, inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta. Cuireann sí i dtreis freisin go gcuirtear Global Gateway chun feidhme trí chomhpháirtíochtaí comhionanna comhthairbheacha arna spreagadh ag riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus lena léirítear leasanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí ann[1], ar réigiúin lánfheidhme de chuid an Aontais iad agus ar dlúthchuid den Aontas iad dá réir, agus na tíortha agus na críocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas. Leagann sí béim ar an ngá le dul chun cinn a chomhdhlúthú agus a uas-scálú chun

**[1] Aithnítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh na srianta sonracha atá ar na Réigiúin is Forimeallaí agus déantar foráil ann maidir le bearta sonracha a ghlacadh i ndáil leis sin, mar a léiríodh sna Conclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Tús áite a thabhairt do dhaoine: Fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas'.**

torthaí ardtionchair claochlaitheacha inbhuanaithe comhthairbheacha a bhaint amach don Aontas Eorpach agus dá thíortha comhpháirtíochta.'

PUBLIC

Sa doiciméad céanna, leathanach 9, ba cheart fonóta a chur isteach i mír 18 mar a leanas:

'18. Meabhraítear don Chomhairle prionsabail Busan maidir le héifeachtacht forbartha a mhéid a bhaineann le húinéireacht[2], díriú ar thorthaí agus ailíniú, trédhearcacht, cuntasacht fhrithpháirteach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, agus leagann sí béim ar a gcur i bhfeidhm i straitéis Global Gateway ina hiomláine. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an mbreisluach a bhaineann le Global Gateway sa tiomantas a léirítear do mhaoiniú freagrach trédhearcach, lena gcuirtear tairiscint inbhuanaithe ar fáil lena gcinntítear inmharthanacht fhadtéarmach agus lena dtugtar cosaint do chomhpháirtithe ar leochaileachtaí fiachais.'

2 **Mar a leagtar amach i gComhpháirtíocht Busan maidir le Chomhar um Fhorbairt Éifeachtach.**